www.xtrapapers.com

New Specification

Rewarding Learning

Centre Number

| 71 | |
|---|---|

Candidate Number

General Certificate of Secondary Education
2011

# Irish

## Unit 4: Reading
## Higher Tier

**[GIR42]**

**WEDNESDAY 25 MAY, AFTERNOON**

GIR42

**TIME**

50 minutes.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Answer **all nine** questions.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Total Marks | |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

1 Léigh an cárta.

***Cárta Poist***

**An Chéadaoin 07/07/2010**

*Rann na Feirste,*

*A Mháire, a chara,*

*Tháinig muid anseo ar an Luan. Tá an Ghaeltacht go maith. Tá bean an tí iontach deas. Tá cúigear cailín eile sa teach liom. Bhí céilí ann aréir agus thaitin sé go mór liom.*
*Bhí mé ag damhsa le buachaill deas as Dún Geanainn. Brian an t-ainm atá air agus tá sé sé bliana déag d'aois.*

*Feicfidh mé thú i Mí Lúnasa i mBéal Feirste.*

*Le grá,*
*Nuala*

***Máire Ní Bhriain***
***122 Sráid an Ghleanna,***
***Béal Feirste,***
***BT 12 6JE***

Cuir tic (✓) sna boscaí cearta.

**(a)** Cé a scríobh an cárta?

**(i)** Máire ☐

**(ii)** Brian ☐

**(iii)** Nuala ☐ [1]

**(b)** Cá raibh Nuala ag stopadh?

**(i)** Béal Feirste ☐

**(ii)** Rann na Feirste ☐

**(iii)** Dún Geanainn ☐ [1]

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(c)** Cá huair a bhí Nuala sa Ghaeltacht?

**(i)** Mí Lúnasa ☐

**(ii)** Mí Iúil ☐

**(iii)** Mí an Mheithimh ☐ [1]

**(d)** Tháinig Nuala go dtí an Ghaeltacht:

**(i)** 4 lá ó shin ☐

**(ii)** 5 lá ó shin ☐

**(iii)** 2 lá ó shin ☐ [1]

www.xtrapapers.com

**2** Léigh an litir.

*122 Sráid an Ghleanna,*
*Béal Feirste,*
*BT 12 6JE*
*10/07/2010*

A Nuala, a chara,

Fuair mé do chárta ón Ghaeltacht inné. Tá mé féin ag obair anseo san ollmhargadh. Tá sé ceart go leor ach níl an pá iontach maith. Tosaím ar a hocht a chlog ar maidin agus críochnaím ar leath i ndiaidh a cúig. Bím saor Dé Domhnaigh.
Is maith liom an bainisteoir, Bean Uí Dhochartaigh. Tá na cailíní eile go deas fosta. Tá Seán Mac Lochlainn ag obair anseo agus tá sé go hálainn!

Slán go fóill,
Máire

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Fuair Máire cárta Nuala ar an 10/07/2010. ☐

**(ii)** Fuair Máire cárta Nuala ar an 11/07/2010. ☐

**(iii)** Fuair Máire cárta Nuala ar an 09/07/2010. ☐ [1]

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bíonn Máire ag obair sa siopa ó 8.00 go dtí 5.00. ☐

**(ii)** Bíonn Máire ag obair sa siopa ó 8.30 go dtí 5.00. ☐

**(iii)** Bíonn Máire ag obair sa siopa ó 8.00 go dtí 5.30. ☐ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bíonn Máire ag obair 7 lá sa tseachtain. ☐

**(ii)** Bíonn Máire ag obair 6 lá sa tseachtain. ☐

**(iii)** Bíonn Máire ag obair 5 lá sa tseachtain. ☐ [1]

**(d)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Is maith le Máire na daoine eile sa siopa. ☐

**(ii)** Ní maith le Máire na daoine eile sa siopa. ☐

**(iii)** Ní maith le Máire Seán Mac Lochlainn. ☐ [1]

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

3 Léigh an t-eolas.

*Chonaic Seán an fógra seo ar an pháipéar agus chuir sé isteach ar an phost.*

**Post Samhraidh**

**Duine cairdiúil, spórtúil de dhíth le cuidiú i sólann.**

**Mí Iúil agus Mí Lúnasa.**

***Cuir litir chuig an bhainisteoir:***
***Máire Nig Uidhir***
***Halla an Bhaile***
***Inis Ceithleann***

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Tá post ar fáil in ollmhargadh. ☐

**(ii)** Tá post ar fáil in óstán. ☐

**(iii)** Tá post ar fáil in ionad spóirt. ☐ [1]

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Beidh an duine de dhíth ar feadh dhá lá. ☐

**(ii)** Beidh an duine de dhíth ar feadh dhá bhliain. ☐

**(iii)** Beidh an duine de dhíth ar feadh dhá mhí. ☐ [1]

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Chonaic Seán an fógra ar an teilifís. ☐

**(ii)** Chonaic Seán an fógra i siopa. ☐

**(iii)** Chonaic Seán an fógra ar an nuachtán. ☐ [1]

**(d)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Scairt Seán ar an bhainisteoir. ☐

**(ii)** Scríobh Seán chuig an bhainisteoir. ☐

**(iii)** Bhuail Seán leis an bhainisteoir. ☐ [1]

www.xtrapapers.com

**4** Léigh an sliocht.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

> Chuala Seán fear an phoist ag an doras maidin Dé Luain agus rith sé síos an staighre. Bhí litreacha ina luí sa halla. Léigh sé na hainmneacha. Bhí litir ann do Mhamaí agus litir eile do Dhaidí. Bhí an tríú litir dó féin.
>
> D'oscail Seán a litir féin agus léigh sé go gasta í.
>
> "Beidh agallamh agam amárach don phost sa tsólann," ar seisean lena mháthair. "Fuair mé litir ón bhainisteoir. Beidh an t-agallamh ar a dó a chlog."
>
> "Tá sin go hiontach maith," arsa mamaí. "Beidh am agat dul go dtí an bearbóir ar maidin. Tá do chuid gruaige i bhfad ró-fhada."

Léigh na habairtí thíos agus cuir líne faoi na **ceithre** abairt atá fíor.
Tá sampla déanta duit.

> **Sampla:** <u>Bhí fear an phoist ag an doras</u>.

**(i)** Fuair athair Sheáin litir.

**(ii)** Léigh Mamaí an litir go gasta.

**(iii)** Ní bhfuair Mamaí litir.

**(iv)** Tháinig litir ón bhainisteoir.

**(v)** Beidh an t-agallamh ann sa tráthnóna.

**(vi)** Beidh an t-agallamh ann Dé Céadaoin.

**(vii)** Tháinig fear an phoist sa tráthnóna.

**(viii)** Tá gruaig ghairid ar Sheán.

**(ix)** D'fhág fear an phoist trí litir. [4]

www.xtrapapers.com

Examiner Only

| Marks | Remark |
| --- | --- |
| | |

**5** Léigh an sliocht.

D'éirigh Nóra go luath Dé hAoine. Bhí sos lár téarma ann agus ní raibh uirthi dul ar scoil. Bhuail sí lena cara Gráinne agus d'imigh an bheirt go Baile Átha Cliath ar an traein. Shuigh siad ansin ag caint.

Bhain siad Baile Átha Cliath amach agus thug siad aghaidh ar na siopaí. Bhí lár na cathrach dubh le daoine.

Shiúil siad ó shiopa go siopa. Níor cheannaigh Nóra ach cárta poist le cur chuig Aintín Bríd i Londain. Cheannaigh Gráinne leabhar Gaeilge. Fuair siad an traein abhaile ar a cúig.

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bhí Nóra saor Dé hAoine. ☐

**(ii)** Bhí Nóra ar scoil Dé hAoine. ☐

**(iii)** Bhí Gráinne ar scoil Dé hAoine. ☐ [1]

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bhí siad ciúin ar an traein. ☐

**(ii)** Bhí siad ag comhrá ar an traein. ☐

**(iii)** Bhí siad callánach ar an traein. ☐ [1]

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bhí scaifte mór i lár na cathrach. ☐

**(ii)** Ní raibh scaifte mór i lár na cathrach. ☐

**(iii)** Ní raibh duine ar bith i lár na cathrach. ☐ [1]

**(d)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Cheannaigh na cailíní cuid mhór sa chathair. ☐

**(ii)** Níor cheannaigh na cailíní rud ar bith sa chathair. ☐

**(iii)** Cheannaigh na cailíní cúpla rud sa chathair. ☐ [1]

www.xtrapapers.com

**6** Léigh an sliocht.

| |
|---|
| Bhí Bríd ina cónaí i Londain le fada anois. D'fhág sí Ard Mhacha agus a tuismitheoirí nuair a bhí sí ocht mbliana déag le dul ar ollscoil in Albain. Bhí sí uaigneach ansin ag an tús ach bhí go leor cairde aici nuair a bhí an cúrsa críochnaithe.<br><br>Ní raibh sí ábalta post a fháil in Albain nó in Éirinn agus chuaigh sí go Londain. Fuair sí post in oifig ansin.<br><br>Thaitin Londain go mór léi. Bhí dúil aici sa drámaíocht agus bhí go leor amharclann ansin. Is beag deireadh seachtaine nach ndeachaigh sí chuig dráma nó chuig ceolchoirm. Is ag dráma a bhuail sí le Micheál Ó Dochartaigh. |

Cuir tic (✓) sna boscaí cearta.

**(a)** **(i)** Tógadh Bríd i Londain. ☐

**(ii)** Tógadh Bríd in Ard Mhacha. ☐

**(iii)** Tógadh Bríd in Albain. ☐ [1]

**(b)** **(i)** Bhí Bríd uaigneach i Londain. ☐

**(ii)** Bhí Bríd uaigneach in Ard Mhacha. ☐

**(iii)** Bhí Bríd uaigneach in Albain. ☐ [1]

**(c)** **(i)** Thosaigh Bríd ag obair in Ard Mhacha. ☐

**(ii)** Thosaigh Bríd ag obair i Londain. ☐

**(iii)** Thosaigh Bríd ag obair in Éirinn. ☐ [1]

**(d)** **(i)** Thaitin drámaí le Bríd. ☐

**(ii)** Níor thaitin drámaí le Bríd. ☐

**(iii)** Níor thaitin ceol le Bríd. ☐ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

7 Read the article below and then answer **in English** the questions which follow.

> Bhí Rónán ag obair sa ghairdín Dé Sathairn. Thosaigh sé ag cur fearthainne ar a ceathair a chlog agus stad Rónán den obair. Tháinig sé isteach sa teach agus rinne sé réidh béile breá dó féin mar bhí ocras air.
>
> Shuigh sé síos ag amharc ar an teilifís. Bhí scannán maith ar siúl. Ach ní fhaca Rónán mórán den scannán mar thit sé ina chodladh ar an chathaoir.

**(a)** What was the weather like that evening?

_______________________________________________ [1]

**(b)** What did Rónán do first when he came in from the garden?

_______________________________________________ [1]

**(c)** What was on the television that evening?

_______________________________________________ [1]

**(d)** Why did Rónán not see all of the programme?

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

8 Read the article below and then answer **in English** the questions which follow.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

> Rugadh Seán i nGlaschú ach tógadh i dTír Chonaill é. Thug a mhamaí abhaile go Gaoth Dobhair é nuair a chaill sí a post. Ní raibh Seán ach deich mí ag an am. Chuaigh siad a chónaí ag a sheanmháthair ar dtús ach i ndiaidh bliana fuair siad teach dóibh féin cois farraige.
>
> Bhí saol crua acu mar nach raibh a mháthair ag obair. Ach bhí cúpla rud a chuir áthas ar Sheán. Bhí go leor cairde agus gaolta acu agus bhí an áit féin galánta.
>
> Nuair a bhí Seán seacht mbliana déag chuaigh sé go Baile Átha Cliath. Chaith sé ceithre bliana ar chúrsa ansin agus trí bliana eile ag obair in oifig sa chathair.

**(a)** Why did Seán and his mother leave Scotland?

______________________________________________ [1]

**(b)** How long did Seán and his mother stay with his grandmother?

______________________________________________ [1]

**(c)** Why did Seán like living in Gaoth Dobhair?

______________________________________________ [1]

**(d)** What did Seán do during his first years in Dublin?

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

9 Read the article below and then answer **in English** the questions which follow.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Bhí dúil ag Áine sa cheol riamh. Bhí ceol le cluinstin i gcónaí sa bhaile – ceol gaelach ag a máthair, ceol clasaiceach ag a hathair. Thaitin gach cineál ceoil léi féin.

Fuair sí fidil nuair a bhí sí seacht mbliana d'aois. Chuaigh sí ar rang ceoil chuig Bean Uí Mhóra. Is minic nach raibh fonn uirthi dul mar bhí an bhean chéanna crosta go leor.

Bhain sí cúpla duais ag feiseanna agus ghlac sí páirt i gceolchoirm na scoile. Bhain sí sult mór as sin mar fuair sí bualadh bos mór ó na scoláirí eile. D'éirigh thar barr léi sa scrúdú ceoil ar scoil.

Ach cad é a bhí sí ag dul a dhéanamh anois agus í réidh le dul ar ollscoil – céim sa dlí nó céim sa cheol? Sin an rogha a bhí aici. Bhí sé deacair.

**(a)** Where did Áine first experience music?

_______________________________________________ [1]

**(b)** How did her parents differ in their musical tastes?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** How did Áine feel about her early music lessons and why did she feel this way?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(d)** How did her fellow students show their appreciation at the school concert?

_______________________________________________ [1]

**(e)** What other musical success did she have at school?

_______________________________________________ [1]

**(f)** What dilemma did Áine now have to resolve?

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.